



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta
2010*

Stampa an Ionaid

Gaeilge Ardleibhéal

Triail Chluastuisceana

100 MARC

Dé Luain, 14 Meitheamh
Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10

<i>Don Scrúdaitheoir</i>					
CUID A		CUID B		CUID C	
Ceist	Marc	Ceist	Marc	Ceist	Marc
1		1		1	
2		2		2	
3		3		3	
Iom.		Iom.		Iom.	

<i>Na hIomláin</i>	
A (30)	
B (40)	
C (20)	

Eolas (90)	
Gaeilge (10)	
Móriomlán	

Treoracha d'iarrthóirí

*Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo
a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.*

Cuid A

Cloisfidh tú *trí cinn* d'fhógraí raidió sa chuid seo.

Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta *agus* tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. (a) Cén cumann atá ag eagrú na siúlóide seo?

(b) Tabhair píosa amháin eolais a luaitear faoi Mhicheál Ó Muirheartaigh.

2. Cá háit go díreach a mbeidh an tsiúlóid ar siúl?

3. (a) Cén rud nach mór do dhuine a dhéanamh roimh ré le bheith páirteach sa tsiúlóid?

(b) Cad a dhéanfar anocht?

FÓGRA A DÓ

1. Cad a bheidh ar siúl i dTigh Clarke ar an 6ú Lúnasa?

2. (a) Céard a bheidh ar siúl ag Micheál Ó Cuaig ar an ócáid?

(b) Cén aithne a cuireadh ar Chaitlín Maude i dtosach?

3. (a) Cé a eiseoidh an dlúthdhiosca de chuid amhrán Chaitlín Maude ar an ócáid?

(b) Luaigh rud **amháin** eile a bheidh ann mar chuid den ócáid chuimhneacháin.

FÓGRA A TRÍ

1. Cad atá ag bagairt ar an Aetóip arís?

2. (a) Cad a tharla le trí bliana anuas i ndeisceart na tíre ?

(b) Céard a mheastar is cúis leis an tubaiste seo san Aetóip?

3. (a) Luaigh **dhá** rud is gá a chur ar fáil láithreach, dar le Goal.

(b) Luaigh slí **amháin** le airgead a thabhairt.

Cuid B

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina *dhá mhír* é. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cá raibh Síle ag an deireadh seachtaine?

2. Cén fáth nach bhfuair Seán ticéad, dar le Síle?

3. Cé mhéad a d'íoc Síle as an ticéad?

An Dara Mír

1. Cá bhfuair deartháir Shíle an ticéad?

2. (a) Cén inní a bhí ar Shíle faoin bpuball?

(b) Luaigh áis **amháin** a bhí ar fáil i mBaile Phoimse.

Cuid B ar leanúint

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cad a bheidh ag tosú sa scoil an bhliain seo chugainn?

2. Cá fhad a mbeidh Sinéad sa Fhrainc?

3. (a) Luaigh rud **amháin** faoi na hábhair sa choláiste in Nice.

(b) Cén duine gaolmhar le Sinéad a chuaigh chuig an gcoláiste sin cheana?

An Dara Mír

1. Cén fáth a ndéanfadh bliain sa Fhrainc maitheas do Phól?

2. (a) Cad a cheapann tuismitheoirí Shinéad faoin Idirbhliain?

(b) Cén rud speisialta a dhéanfaidh Pól le linn na hIdirbhliana?

3. Cén chéim a dhéanfaidh Sinéad in ollscoil Luimnigh?

COMHRÁ A TRÍ

An Chéad Mhír

1. (a) Cé mhéad iris Ghaeilge atá ann do dhéagóirí, dar le Máire?

- (b) Cén saghas irise a mholann Máire?

2. Cén fáth nach mbeadh suim ag foilsitheoir in iris Ghaeilge-Bhéarla a chur i gcló?

An Dara Mír

1. Cad a deir Máire faoin ábhar atá i gcuid de na téacsleabhair Ghaeilge faoi láthair?

2. Luaigh fadhb **amháin** a fheiceann Eoin le hiris Ghaeilge-Bhéarla?

3. Cén fhadhb a bhain le foilsiú Foinse dar le hEoin?

Cuid C

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.

Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cén saghas comórtais a bhuaigh Crib na nÓg ar Raidió na Gaeltachta?

2. (a) Céard é Crib na nÓg?

(b) Cén aidhm a bhí leis an gcomórtas ar ghlac Crib na nÓg páirt ann?

PÍOSA A DÓ

1. Cá ndéantar na hearraí atá ar díol i siopa Pagan?

2. Cén rud a raibh tóir ar leith ag daoine óga air?

3. (a) Luaigh earra **amháin** a raibh an-éileamh ag na mná air.

(b) Cén rud atá beartaithe a chur ar bun go luath?

PÍOSA A TRÍ

1. Cé dóibh na scoláireachtaí cónaithe seo?

2. Luaigh rud **amháin** a bhí ar fáil faoin scéim.

3. Cé mhéad scoláireacht a bronnadh faoin scéim sa bhliain 2010?
